# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

19 Deireadh Fómhair 2020

An t-eagrán Gaeilge


## Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1507 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó** ...... 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2020/1508 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh Choiste Eorpach um dhréachtú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CECLI) agus laistigh den Choimisiún Lárnach um Loingseoireacht ar an Réin (CLLR) maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre** ...... 6

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1509 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó** ...... 8


GA

* Faoin tagairt L 345 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1507 ÓN gCOMHAIRLE

**an 16 Deireadh Fómhair 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) An 19 Lúnasa 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leasú ar na liostaí i dtaca le beirt agus trí eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

([1]) Ní hann do théacs an Rialacháin sa Ghaeilge (IO L 193, 23.7.2005, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN*

I. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005/CBES, Cuid a) (liosta de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 2a), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine atá liostaithe thíos:

29. **Ntabo Ntaberi SHEKA**

Ainmniú: Ardcheannasaí, Nduma Defence of Congo, Mayi Mayi Sheka group.

Dáta breithe: 4 Aibreán 1976.

Áit bhreithe: Walikale, críocha Walikalele, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Goma, Kivu Thuaidh, Poblacht Dhaonlathach an Chongó (i bpríosún).

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 28 Samhain 2011.

Faisnéis eile: Ghéill sé do MONUSCO i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó an 26 Iúil 2017 agus tá sé á choinneáil ag údaráis an Chongó ó shin. Cuireadh tús lena thriail mar gheall ar choireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus rannpháirtíocht i ngluaiseacht éiritheach, os comhair na Cúirte Míleata in Goma, i mí na Samhna 2018. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is é Ntabo Ntaberi Sheka, Ardcheannasaí bhrainse pholaitiúil Mayi Mayi Sheka, ceannaire polaitiúil ghrúpa armtha an Chongó a chuireann bac ar dhí-armáil, ar dhíshlógadh nó ar athimeascadh comhraiceoirí. Grúpa mílíste is ea Mayi Mayi Sheka atá bunaithe sa Chongó agus a oibríonn ó bhunáiteanna i gcríoch Walikale in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Rinne an grúpa Mayi Mayi Sheka ionsaithe ar mhianaigh in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear mianaigh Bisiye a ghabháil chuige féin agus sracaireacht a dhéanamh ar mhuintir na háite. Rinne Ntabo Ntaberi Sheka sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear díriú ar leanaí. Phleanáil agus d'ordaigh Ntabo Ntaberi Sheka sraith ionsaithe i gcríoch Walikale ón 30 Iúil go dtí an 2 Lúnasa 2010 chun pionós a ghearradh ar dhaonraí áitiúla ar cuireadh ina leith go raibh siad ag comhoibriú le fórsaí rialtais an Chongó. Le linn na n-ionsaithe, rinneadh éigniú ar leanaí agus fuadaíodh iad, cuireadh i mbun saothar éignithe iad agus tugadh íde chruálach, mhídhaonna nó tháireach dóibh. Earcaíonn an grúpa mílíste Mayi Mayi Sheka buachaillí go héigeantach agus, ag eascairt as tréimhsí earcaíochta, coinníonn siad leanaí ina measc.

30. **Bosco TAGANDA**

(dá ngairtear a) Bosco Ntaganda, b) Bosco Ntagenda, c) General Taganda, d) Lydia (tráth a raibh sé páirteach in APR), e) Terminator, f) Tango Romeo (Glao-chomhartha), g) Romeo (Glao-chomhartha), h) Major)

Seoladh: an Háig, an Ísiltír (amhail ó mhí an Mheithimh 2016).

Dáta breithe: Idir 1973 agus 1974.

Áit bhreithe: Bigogwe, Ruanda.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó

Seoladh: an Háig, an Ísiltír.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 1 Samhain 2005.

Faisnéis eile: Rugadh i Ruanda é; bhog sé go dtí Nyamitaba, críoch Masisi, Kivu Thuaidh agus é ina pháiste. Ainmníodh mar Bhriogáidire-Ghinearál FARDC é ag Foraithne ó Uachtarán an 11 Nollaig 2004, tar éis chomhaontuithe síochána Ituri. Bhí sé ina Cheann Foirne ar CNDP agus rinneadh ceannasaí míleata an CNDP de ó gabhadh Laurent Nkunda in Eanáir 2009. Ó mhí Eanáir 2009, ba Leas-Cheannaire de facto é ar oibríochtaí frith-FDLR "Umoja Wetu", "Kimia II", agus "Amani Leo" in Kivu Thuaidh agus Theas. Chuaigh sé isteach i Ruanda i Márta 2013 agus ghéill sé go deonach d'oifigigh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta in Kigali an 22 Márta. Aistríodh chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa Háig, an Ísiltír é. An 9 Meitheamh 2014, dhaingnigh an Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 13 chúiseamh i leith coireanna cogaidh agus cúig chúiseamh i leith coireanna in aghaidh an chine dhaonna ina choinne; thosaigh an triail i mí Mheán Fómhair 2015. An 8 Iúil 2019, fuair an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ciontach é in 18 scór de choireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, a rinneadh in Ituri in 2002-2003. An 7 Samhain 2019, gearradh téarma príosúnachta 30 bliain ar an iomlán air. Tá achomharc déanta aige i gcoinne a chiontaithe agus a phianbhreithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Ba é Bosco Taganda ceannasaí míleata UPC/L, a fheidhmíonn tionchar ar bheartais agus a choinníonn ceannas agus smacht ar ghníomhaíochtaí UPC/L, ceann de na grúpaí armtha agus mílíste dá dtagraítear i mír 20 de Rún 1493 (2003), a bhí páirteach i ngáinneáil ar airm, de shárú ar an trádbhac arm. Ceapadh ina Ghinearál ar FARDC é i mí na Nollag 2004, ach dhiúltaigh sé glacadh leis an ardú céime, agus, dá bhrí sin, d'fhan sé lasmuigh de FARDC. De réir Oifig Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, bhí sé freagrach as páistí a earcú agus a úsáid in Ituri in 2002 agus 2003, agus 155 chás ina raibh freagracht dhíreach agus/nó ceannasaíochta aige as leanaí a earcú agus a úsáid in Kivu Thuaidh ó 2002 go 2009. Mar Cheann Foirne CNDP, bhí freagracht dhíreach agus ceannasaíochta air as an sléacht ag Kiwanja i mí na Samhna 2008.

Rugadh i Ruanda é; bhog sé go dtí Nyamitaba, i gcríoch Masisi i gcúige Kivu Thuaidh agus é ina pháiste. I mí an Mheithimh 2011, bhí cónaí air in Goma agus bhí feirmeacha móra aige i gceantar Ngungu de chríoch Masisi i gcúige Kivu Thuaidh. Ainmníodh mar Bhriogáidire-Ghinearál é ag Foraithne ó Uachtarán an 11 Nollaig 2004, tar éis chomhaontuithe síochána Ituri. Bhí sé ina Cheann Foirne ar CNDP agus rinneadh ceannasaí míleata an CNDP de ó gabhadh Laurent Nkunda in Eanáir 2009. Ó mhí Eanáir 2009, ba Leas-Cheannaire *de facto* é ar oibríochtaí frith-FDLR "Umoja Wetu", "Kimia II", agus "Amani Leo" i gcúigí Kivu Thuaidh agus Theas. Chuaigh sé isteach i Ruanda i mí an Mhárta 2013, ghéill sé go deonach d'oifigigh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta an 22 Márta agus aistríodh go dtí an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa Háig, an Ísiltír, é ina dhiaidh sin. An 9 Meitheamh 2014, dhaingnigh an Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 13 chúiseamh i leith coireanna cogaidh agus cúig chúiseamh i leith coireanna in aghaidh an chine dhaonna ina choinne. Thosaigh an triail i mí Mheán Fómhair 2015.

II. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, Cuid b) (liosta de na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 2a), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na heintitis atá liostaithe thíos:

1. **ADF (ALLIED DEMOCRATIC FORCES)**

(dá ngairtear: a) Forces Démocratiques Alliées-Armée Nationale de Libération de l'Ouganda; b) ADF/NALU; c) NALU)

Seoladh: Cúige KivuThuaidh, Poblacht an Chongó.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 30 Meitheamh 2014.

Faisnéis eile: Gabhadh bunaitheoir agus ceannaire ADF, Jamil Mukulu, in Dar es Salaam sa Tansáin in Aibreán 2015. Rinneadh é a eiseachadadh ina dhiaidh sin go Kampala, Uganda in Iúil 2015. Tuairiscítear go bhfuil Mukulu á choimeád i gcill choinneála póilíní ó bhí Meitheamh 2016 ann. Tháinig Seka Baluku i gcomharbas ar Jamil Mukulu mar cheannaire foriomlán ar ADF. Mar a léiríodh i roinnt tuarascálacha ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (S/2015/19, S/2015/797, S/2016/1102, S/2017/672, S/2018/531, S/2019/469, S/2019/974, S/2020/482), rinne ADF, lena n-áirítear faoi cheannaireacht Seka Baluku, gníomhaíochtaí leanúnacha inar díríodh ar dhaoine, inar maraíodh, inar ballbhascadh, inar éigníodh agus ina ndearnadh foréigean gnéasach eile, inar fuadaíodh sibhialtaigh, leanaí ina measc, chomh maith le hionsaithe ar shaoráidí sláinte, go háirithe in Mamove, críoch Beni, an 12 agus 24 Feabhra 2019, agus Mantumbi, ar chríoch Beni, an 5 Nollaig 2019 agus an 30 Eanáir 2020, chomh maith le leanaí a earcú agus a úsáid ar bhonn leanúnach le linn ionsaithe agus d'obair éigeantach i gcríoch Beni i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ó 2015, ar a laghad, i leith. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

In 1995 a cruthaíodh na Allied Democratic Forces (ADF); tá sé lonnaithe sa limistéar sléibhtiúil ar theorainn Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus Uganda. De réir na tuarascála deiridh ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó in 2013, inar luadh oifigigh Uganda agus foinsí de chuid na Náisiún Aontaithe, measadh go raibh idir 1 200 agus 1 500 trodaí armtha ag an ADN a bhí lonnaithe in oirthuaisceart chríoch Beni i gcúige Kivu Thuaidh atá cóngarach don teorainn le Uganda. Measann na foinsí céanna seo go bhfuil idir 1 600 agus 2 500 duine ina mball de ADF ar an iomlán – mná agus leanaí san áireamh. De bharr oibríochtaí míleata ionsaitheacha a rinne na Congolese Armed Forces (FARDC) agus Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MONUSCO) in 2013 agus 2014, scaip ADF a throdairí chuig go leor bunáiteanna níos lú, bogadh mná agus leanaí go dtí ceantar siar ó Beni agus feadh theorainn Ituri-Kivu Thuaidh. Is é Hood Lukwago atá ina cheannasaí míleata ar ADF agus is é Jamil Mukulu, duine ar cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm ina leith, atá ina cheannaire Uachtarach.

Tá sáruithe tromchúiseacha déanta ag ADF ar an dlí idirnáisiúnta agus ar Rún 2078 (2012) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear mar a shonraítear thíos.

Tá saighdiúirí linbh earcaithe agus úsáidte ag ADF de shárú ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme (mír 4 (d) den Rún ó CSNA).

Luadh sa tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013 gur chuir an Grúpa Saineolaithe triúr iarthrodaithe ADF a d'éalaigh le linn 2013 faoi agallamh agus go ndearna siad cur síos ar an gcaoi a meallann earcaitheoirí ADF in Uganda daoine go dtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó le gealltanas bréagach fostaíochta (i gcás na ndaoine fásta) agus gealltanas bréagach saoroideachais (i gcás na leanaí) agus ar an gcaoi a gcuireann siad iallach orthu ina dhiaidh sin dul isteach in ADF.

Ina theannta sin, dúirt iarthrodaithe ADF leis an nGrúpa Saineolaithe gur gnáth fir fhásta agus buachaillí i measc ghrúpaí oiliúna ADF agus dúirt beirt bhuachaillí, a d'éalaigh ó ADF in 2013, leis an nGrúpa Saineolaithe gur chuir ADF oiliúint mhíleata orthu. Tá cuntas sa tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe freisin ó "iarshaighdiúir linbh ar an oiliúint a chuir ADF air".

De réir na tuarascála deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2012, orthu siúd a d'earcaigh ADF tá leanaí, mar a léiríodh i gcás earcaitheoir ADF ar ghabh údaráis Ugandacha é in Kasese in éineacht le seisear buachaillí óga agus é ar a shlí go dtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó i mí Iúil 2012.

Déantar tagairt do shampla de leanaí a bheith á n-earcú agus á n-úsáid ag ADF i litir an 6 Eanáir 2009 ón Iar-Stiúrthóir ar Human Rights Watch don Afraic, Georgette Gagnon, chuig iar-Aire Dlí agus Cirt Uganda, Kiddu Makubuyu, inar luadh gur fhuadaigh ADF buachaill darbh ainm Bushobozi Irumba in 2000 agus gan é ach naoi mbliana d'aois. Bhí air seirbhís iompair chomh maith le seirbhísí eile a chur ar fáil do throdaithe ADF.

Ina theannta sin, sa "Tuarascáil ón Afraic", rinneadh tagairt do líomhaintí go bhfuil leanaí chomh hóg le 10 mbliana d'aois á n-earcú mar shaighdiúirí linbh agus rinneadh tagairt d'urlabhraí Uganda People's Defence Force (UPDF) a dúirt go ndearna UFDP 30 leanbh a thabhairt slán i gcampa traenála ar Oileán Buvuma ar Loch Victoria.

Tá roinnt sáruithe déanta ag ADF freisin ar chearta idirnáisiúnta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta i gcoinne ban agus leanaí, lena n-áirítear marú, gortú, ballbhascadh agus foréigean gnéasach (mír 4 (e) den Rún ó CSNA).

De réir na tuarascála deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013, rinne ADF ionsaí ar roinnt sráidbhailte, rud a d'fhág gur theith níos mó ná 66 000 duine go Uganda. Bánaíodh limistéar mór de dheasca na n-ionsaithe seo, limistéar atá á rialú ag ADF ó shin trí dhaoine a fhilleann ar a sráidbhailte a fhuadach nó a mharú. Idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2013, rinne ADF ar a laghad cúigear i gceantar Kamango a dhícheannadh, roinnt eile a lámhach, agus na scórtha a fhuadach. Cuireadh sceimhle ar an daonra áitiúil de dheasca na ngníomhaíochtaí seo agus díspreagadh daoine filleadh abhaile.

Sa nóta cothrománach domhanda, sásra faireacháin agus tuairiscithe maidir le sáruithe tromchúiseacha in aghaidh leanaí i staideanna coinbhleachta armtha, tuairiscíodh do Mheitheal na Comhairle Slándála um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha go raibh ADF freagrach as ceithre leanbh déag déag de na ocht leanbh déag a tuairiscíodh a bheith gortaithe le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear eachtra an 11 Nollaig 2013, i gcríoch Beni, Kivu Thuaidh, nuair a rinne ADF ionsaí ar shráidbhaile Musuku inar maraíodh triúr is fiche, aon leanbh déag san áireamh (triúr cailíní agus ochtar buachaillí), a bhí idir dhá mhí d'aois agus seacht mbliana déag d'aois. Rinneadh na híospartaigh go léir a chiorrú go holc le maiseití, lena n-áirítear beirt leanaí a tháinig slán as an ionsaí.

Sa Tuarascáil ón Ard-Rúnaí ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht i mí an Mhárta 2014, aithnítear "Allied Democratic Forces — National Army for the Liberation of Uganda" ar a liosta de "páirtithe a bhfuil amhras iontaofa ann ina dtaobh go bhfuil éigniú déanta acu nó go bhfuil siad freagrach as éigniú a dhéanamh nó cineálacha eile foréigin ghnéasaigh i staideanna coinbhleachta armtha."

Ghlac ADF páirt freisin in ionsaithe ar choimeádaithe síochána MONUSCO (mír 4(i) den Rún ó CSNA).

Ar deireadh, thuairiscigh Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MONUSCO) go bhfuil ar a laghad dhá ionsaí déanta ag ADF ar choimeádaithe síochána MONUSCO. Ionsaí ar phatról MONUSCO ar an mbóthar idir Mbau agus Kamango ab ea an chéad cheann, an 14 Iúil 2013. Déantar cur síos ar an ionsaí seo sa tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013. Tharla an dara hionsaí an 3 Márta, 2014. Rinneadh ionsaí ar fheithicil MONUSCO le gránáidí deich gciliméadar ó aerfort Mavivi in Beni inar gortaíodh cúigear coimeádaithe síochána.

Gabhadh bunaitheoir agus ceannaire ADF, Jamil Mukulu, in Dar es Salaam sa Tansáin in Aibreán 2015. Rinneadh é a eiseachadadh ina dhiaidh sin go Kampala, Uganda in Iúil 2015. Ó Mheitheamh 2016 i leith, tá sé á choimeád i gcill choinneála póilíní ag feitheamh lena thriail.

7. **MACHANGA LTD**

Seoladh: Plot 55A, Upper Kololo Terrace, Kampala, Uganda.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 29 Márta 2007.

Faisnéis eile: Comhlacht easpórtála óir (Stiúrthóirí: Mr. Rajendra Kumar Vaya agus Mr. Hirendra M. Vaya). In 2010, rinne Bank of Nova Scotia Mocatta (an Ríocht Aontaithe) sócmhainní de chuid Machanga, a bhí faoi sheilbh Emirates Gold, a chalcadh. Tá baint ag úinéirí Machanga go fóill le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Is in 2004 a rinne Machanga Ltd tuairisceán bliantúil a chomhdú go deireanach agus is mar "stádas neamhghníomhach" a liostaíodh é de réir údaráis Phoblacht Uganda. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Cheannaigh Machanga ór a bhuí le socrú rialta tráchtála a bhí acu le trádálaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a bhfuil dlúthbhaint acu le mílístí. Is ionann sin agus "cúnamh a sholáthar" do ghrúpaí armtha neamhdhleathacha atá de shárú ar an trádbhac arm a bunaíodh le rúin 1493 (2003) agus 1596 (2005). Comhlacht easpórtála óir (Stiúrthóirí: Mr. Rajendra Kumar Vaya agus Mr. Hirendra M. Vaya). In 2010, rinne Bank of Nova Scotia Mocatta (an Ríocht Aontaithe) sócmhainní de chuid Machanga, a bhí faoi sheilbh Emirates Gold, a chalcadh. Tá baint go fóill ag iar-úinéir Machanga, Rajendra Kumar, agus a dheartháir Vipul Kumar, le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

9. **UGANDA COMMERCIAL IMPEX (UCI) LTD**

Seoladh: a) Plot 22, Sráid Kanjokya, Kamwokya, Kampala, Uganda (Teil.: +256 41 533 578/9), b) BOSCA PO 22 709, Kampala, Uganda.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 29 Márta 2007.

Faisnéis eile: Comhlacht easpórtála óir. (Stiúrthóirí Jamnadas V. LODHIA — ar a dtugtar "Chuni"- agus a bheirt mhac Kunal J. LODHIA agus Jitendra J. LODHIA). In Eanáir 2011, thug údaráis Uganda fógra don Choiste gur aisíoc Emirates Gold fiachas UCI le Crane Bank in Kampala tar éis díolúine a fháil ar a shealúchais airgeadais, rud a d'fhág gur dúnadh a chuntais go críochnaitheach. Tá baint ag stiúrthóirí UCI go fóill le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Is in 2013 a rinne Uganda Commercial Impex (UCI) Ltd tuairisceán cánach a chomhdú go deireanach nuair a liostaigh na húdaráis i bPoblacht Uganda mar "Neamhghníomhach – stádas neamhghníomhach" é. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Cheannaigh UCI ór a bhuí le socrú rialta tráchtála a bhí acu le trádálaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a bhfuil dlúthbhaint acu le mílístí. Is ionann sin agus "cúnamh a sholáthar" do ghrúpaí armtha neamhdhleathacha atá de shárú ar an trádbhac arm a bunaíodh le rúin 1493 (2003) agus 1596 (2005). Comhlacht easpórtála óir. (Iar-Stiúrthóirí J.V. LODHIA — ar a dtugtar "Chuni"- agus a mhac Kunal LODHIA). In Eanáir 2011, thug údaráis Uganda fógra don Choiste gur aisíoc Emirates Gold fiachas UCI le Crane Bank in Kampala tar éis díolúine a fháil ar a shealúchais airgeadais, rud a d'fhág gur dúnadh a chuntais go críochnaitheach. Iar-úinéir UCI, J.V. Tá baint go fóill ag Lodhia agus a mhac Kumal Lodhia le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/1508 ÓN gCOMHAIRLE

### an 12 Deireadh Fómhair 2020

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh Choiste Eorpach um dhréachtú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CECLI) agus laistigh den Choimisiún Lárnach um Loingseoireacht ar an Réin (CLLR) maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin an 17 Deireadh Fómhair 1868, a leasaíodh leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a glacadh an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967.

(2) De bhun an Choinbhinsiúin sin, tá an Coimisiúin Lárnach um Loingseoireacht ar an Réin (CLLR) in ann ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre a ghlacadh.

(3) Le gníomhaíocht de chuid an Aontais in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart é bheith mar aidhm léi an aonfhoirmeacht a áirithiú i bhforbairt ceanglas teicniúil atá le cur i bhfeidhm san Aontas maidir le soithí uiscebhealaí intíre san Aontas.

(4) An Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CECLI), cruthaíodh é an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CLLR chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(5) Ar mhaithe le hiompar éifeachtúil ar uiscebhealaí intíre, tá sé tábhachtach comhsheasmhacht a bheith ann maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí agus na ceanglais sin a bheith chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi réimeanna dlíthiúla éagsúla san Eoraip. Go háirithe, Ballstáit atá ina gcomhaltaí de CLLR freisin, ba cheart dóibh tacú le cinntí lena ndéantar rialacha CLLR a chomhchuibhiú leis na rialacha a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

(6) An caighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Soithí loingseoireachtaí intíre (caighdeán "ES-TRIN") 2021/1 agus Caighdeán Tástála comhlántach 2021/3.0 le haghaidh AIS Intíre, táthar ag súil go nglacfaidh CECLI iad ag an gcruinniú a bheidh aige an 13 Deireadh Fómhair 2020.

(7) Le caighdeán ES-TRIN 2021/1, leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir le longthógáil, feistiú agus trealamhú le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, forálacha idirthréimhseacha agus treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm. Le Caighdeán Tástála 2021/3.0 le haghaidh AIS Intíre, sainítear na ceanglais oibriúcháin agus feidhmiúcháin maidir le Trealamh longiompartha AISiIntíre, i dteannta na modhanna tástála agus na torthaí tástála a cheanglaítear ina leith.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CECLI a leagan síos, mar go mbeidh caighdeán ES-TRIN 2021/1 in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin tagraítear do na ceanglais a sholáthraítear i gcaighdeán ES-+TRIN 2019/1 mar na ceanglais theicniúla le haghaidh árthach. Tá de chumhacht ag an gCoimisiún an tagairt sin a nuashonrú ionas go dtagraítear don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN, agus dáta chur i bhfeidhm an leagain sin a shocrú.

(9) Ina theannta sin, táthar ag súil go ndéanfaidh CLLR, ag an gcruinniú a bheidh aige an 3 Nollaig 2020, rún a ghlacadh lena leasófar Rialacháin CLLR chun tagairt do chaighdeán ES-TRIN 2021/1 agus do Chaighdeán Tástála comhlántach 2021/3.0 a áireamh le haghaidh AIS Intíre. Is iomchuí freisin, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CLLR a bhunú.

(10) Níl an tAontas ina chomhalta de CLLR ná de CECLI. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí díóbh, seasamh an Aontais a chur in iúl laistigh de na comhlachtaí sin, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CECLI) an 13 Deireadh Fómhair 2020, aontú le glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh Soithí Loingseoireachta Intíre ("caighdeán ES-TRIN") 2021/1 agus le glacadh Chaighdeán Tástála comhlántach 2021/3.0 le haghaidh AIS Intíre.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcruinniú iomlánach den Choimisiún Lárnach um Loingseoireacht ar an Réin (CLLR), ina socrófar ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscbhealaí intíre, tacú le gach togra lena ndéantar na ceanglais theicniúla a ailíniú leis na ceanglais theicniúla sin atá i gcaighdeán ES-TRIN 2021/1 agus i gCaighdeán Tástála comhlántach 2021/3.0 le haghaidh AIS Intíre.

*Airteagal 2*

1. Is iad na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de CECLI a dhéanfaidh an seasamh mar a leagtar amach é in Airteagal 1(1) a chur in iúl, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leasanna an Aontais.

2. Is iad na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de CLLR a dhéanfaidh an seasamh mar a leagtar amach é in Airteagal 1(2) a chur in iúl, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leasanna an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan cinneadh eile ógComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

---

([1]) Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1509 ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Deireadh Fómhair 2020

## lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2008/369/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 19 Lúnasa 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leasú ar na liostaí i dtaca le beirt agus trí eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

---

([1]) Ní hann do théacs an Chinnidh sa Ghaeilge (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).

*IARSCRÍBHINN*

I. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES, Cuid a) (liosta de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine atá liostaithe thíos:

29. **Ntabo Ntaberi SHEKA**

Ainmniú: Ardcheannasaí, Nduma Defence of Congo, Mayi Mayi Sheka group.

Dáta breithe: 4 Aibreán 1976.

Áit bhreithe: Walikale, Walikalele territory, Democratic Republic of the Congo.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Goma, North Kivu, Democratic Republic of the Congo (i bpríosún)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 28 Samhain 2011.

Faisnéis eile: Ghéill sé do MONUSCO i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó an 26 Iúil 2017 agus tá sé á choinneáil ag údaráis an Chongó ó shin. Cuireadh tús lena thriail mar gheall ar choireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus rannpháirtíocht i ngluaiseacht éiritheach, os comhair na Cúirte Míleata in Goma, i mí na Samhna 2018. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Is é Ntabo Ntaberi Sheka, Ardcheannasaí bhrainse pholaitiúil Mayi Mayi Sheka, ceannaire polaitiúil ghrúpa armtha an Chongó a chuireann bac ar dhí-armáil, ar dhíshlógadh nó ar athimeascadh comhraiceoirí. Grúpa mílíste is ea Mayi Mayi Sheka atá bunaithe sa Chongó agus a oibríonn ó bhunáiteanna i gcríoch Walikale in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Rinne an grúpa Mayi Mayi Sheka ionsaithe ar mhianaigh in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear mianaigh Bisiye a ghabháil chuige féin agus sracaireacht a dhéanamh ar mhuintir na háite. Rinne Ntabo Ntaberi Sheka sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear díriú ar leanaí. Phleanáil agus d'ordaigh Ntabo Ntaberi Sheka sraith ionsaithe i gcríoch Walikale ón 30 Iúil go dtí an 2 Lúnasa 2010 chun pionós a ghearradh ar dhaonraí áitiúla ar cuireadh ina leith go raibh siad ag comhoibriú le fórsaí rialtais an Chongó. Le linn na n-ionsaithe, rinneadh éigniú ar leanaí agus fuadaíodh iad, cuireadh i mbun saothar éignithe iad agus tugadh íde chruálach, mhídhaonna nó tháireach dóibh. Earcaíonn an grúpa mílíste Mayi Mayi Sheka buachaillí go héigeantach agus, ag eascairt as tréimhsí earcaíochta, coinníonn siad leanaí ina measc.

30. **Bosco TAGANDA**

(dá ngairtear a) Bosco Ntaganda, b) Bosco Ntagenda, c) General Taganda, d) Lydia (tráth a raibh sé páirteach in APR), e) Terminator, f) Tango Romeo (Glao-chomhartha), g) Romeo (Glao-chomhartha), h) Major)

Seoladh: The Hague, Netherlands (amhail ó mhí an Mheithimh 2016).

Dáta breithe: Idir 1973 agus 1974.

Áit bhreithe: Bigogwe, Rwanda.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: The Hague, Netherlands.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 1 Samhain 2005.

Faisnéis eile: Rugadh i Ruanda é; bhog sé go dtí Nyamitaba, críoch Masisi, North Kivu agus é ina pháiste. Ainmníodh mar Bhriogáidire-Ghinearál FARDC é ag Foraithne ó Uachtarán an 11 Nollaig 2004, tar éis chomhaontuithe síochána Ituri. Bhí sé ina Cheann Foirne ar CNDP agus rinneadh ceannasaí míleata an CNDP de ó gabhadh Laurent Nkunda in Eanáir 2009. Ó mhí Eanáir 2009, ba Leas-Cheannaire *de facto* é ar oibríochtaí frith-FDLR "Umoja Wetu", "Kimia II", agus "Amani Leo" in North agus South Kivu. Chuaigh sé isteach i Ruanda i Márta 2013 agus ghéill sé go deonach d'oifigigh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta in Kigali an 22 Márta. Aistríodh chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa Háig, an Ísiltír é. An 9 Meitheamh 2014, dhaingnigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 13 chúiseamh i leith coireanna cogaidh agus cúig chúiseamh i leith coireanna in aghaidh an chine dhaonna ina choinne; thosaigh an triail i mí Mheán Fómhair 2015. An 8 Iúil 2019, fuair an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ciontach é in 18 scór de choireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, a rinneadh in Ituri in 2002-2003. An 7 Samhain 2019, gearradh téarma príosúnachta 30 bliain ar an iomlán air. Tá achomharc déanta aige i gcoinne a chiontaithe agus a phianbhreithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Ba é Bosco Taganda ceannasaí míleata UPC/L, a fheidhmíonn tionchar ar bheartais agus a choinníonn ceannas agus smacht ar ghníomhaíochtaí UPC/L, ceann de na grúpaí armtha agus mílíste dá dtagraítear i mír 20 de Rún 1493 (2003), a bhí páirteach i ngáinneáil ar airm, de shárú ar an lánchosc arm. Ceapadh ina Ghinearál ar FARDC é i mí na Nollag 2004, ach dhiúltaigh sé glacadh leis an ardú céime, agus, dá bhrí sin, d'fhan sé lasmuigh de FARDC. De réir Oifig Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, bhí sé freagrach as páistí a earcú agus a úsáid in Ituri in 2002 agus 2003, agus 155 chás ina raibh freagracht dhíreach agus/nó ceannasaíochta aige as leanaí a earcú agus a úsáid in North Kivu ó 2002 go 2009. Mar Cheann Foirne CNDP, bhí freagracht dhíreach agus ceannasaíochta air as an sléacht ag Kiwanja i mí na Samhna 2008.

Rugadh i Ruanda é; bhog sé go dtí Nyamitaba, i gcríoch Masisi i gcúige North Kivu agus é ina pháiste. I mí an Mheithimh 2011, bhí cónaí air in Goma agus bhí feirmeacha móra aige i gceantar Ngungu de chríoch Masisi i gcúige North Kivu. Ainmníodh mar Bhriogáidire-Ghinearál FARDC é ag Foraithne ó Uachtarán an 11 Nollaig 2004, tar éis chomhaontuithe síochána Ituri. Bhí sé ina Cheann Foirne ar CNDP agus rinneadh ceannasaí míleata CNDP de ó gabhadh Laurent Nkunda in Eanáir 2009. Ó mhí Eanáir 2009, ba Leas-Cheannaire *de facto* é ar oibríochtaí frith-FDLR "Umoja Wetu", "Kimia II", agus "Amani Leo" i gcúigí North agus South Kivu. Chuaigh sé isteach i Ruanda i mí an Mhárta 2013, ghéill sé go deonach d'oifigigh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta an 22 Márta agus aistríodh go dtí an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa Háig, an Ísiltír, é ina dhiaidh sin. An 9 Meitheamh 2014, dhaingnigh an Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 13 chúiseamh i leith coireanna cogaidh agus cúig chúiseamh i leith coireanna in aghaidh an chine dhaonna ina choinne. Thosaigh an triail i mí Mheán Fómhair 2015.

II. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES, Cuid a) (liosta de na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3(1)), cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na heintitis atá liostaithe thíos:

1. **ADF (ALLIED DEMOCRATIC FORCES)**

(dá ngairtear: a) Forces Démocratiques Alliées-Armée Nationale de Libération de l'Ouganda; b) ADF/NALU; c) NALU)

Seoladh: North Kivu Province, Democratic Republic of the Congo.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 30 Meitheamh 2014.

Faisnéis eile: Gabhadh bunaitheoir agus ceannaire ADF, Jamil Mukulu, in Dar es Salaam sa Tansáin in Aibreán 2015. Rinneadh é a eiseachadadh ina dhiaidh sin go Kampala, Uganda in Iúil 2015. Tuairiscítear go bhfuil Mukulu á choimeád i gcill choinneála póilíní ó bhí Meitheamh 2016 ann agus é ag feitheamh lena thriail. Tháinig Seka Baluku i gcomharbas ar Jamil Mukulu mar cheannaire foriomlán ar ADF. Mar a léiríodh i roinnt tuarascálacha ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (S/2015/19, S/2015/797, S/2016/1102, S/2017/672, S/2018/531, S/2019/469, S/2019/974, S/2020/482), rinne ADF, lena n-áirítear faoi cheannaireacht Seka Baluku, gníomhaíochtaí leanúnacha inar díríodh ar dhaoine, inar maraíodh, inar ballbhascadh, inar éigníodh agus ina ndearnadh foréigean gnéasach eile, inar fuadaíodh sibhialtaigh, leanaí ina measc, chomh maith le hionsaithe ar shaoráidí sláinte, go háirithe in Mamove, críoch Beni, an 12 agus 24 Feabhra 2019, agus Mantumbi, ar chríoch Beni, an 5 Nollaig 2019 agus an 30 Eanáir 2020, chomh maith le leanaí a earcú agus a úsáid ar bhonn leanúnach le linn ionsaithe agus d'obair éigeantach i gcríoch Beni i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ó 2015, ar a laghad, i leith. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

In 1995 a cruthaíodh Allied Democratic Forces (ADF); tá sé lonnaithe sa limistéar sléibhtiúil ar theorainn Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus Uganda. De réir na tuarascála deiridh ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó in 2013, inar luadh oifigigh Uganda agus foinsí de chuid na Náisiún Aontaithe, measadh go raibh idir 1 200 agus 1 500 trodaí armtha ag ADF a bhí lonnaithe in oirthuaisceart chríoch Beni i gcúige North Kivu atá cóngarach don teorainn le Uganda. Measann na foinsí céanna seo go bhfuil idir 1 600 agus 2 500 duine ina mball de ADF ar an iomlán – mná agus leanaí san áireamh. De bharr oibríochtaí míleata ionsaitheacha a rinne an Congolese Armed Forces (FARDC) agus MONUSCO in 2013 agus 2014, scaip ADF a throdairí chuig go leor bunáiteanna níos lú, bogadh mná agus leanaí go dtí ceantar siar ó Beni agus feadh theorainn Ituri-North Kivu. Is é Hood Lukwago atá ina cheannasaí míleata ar ADF agus is é Jamil Mukulu, duine ar cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm ina leith, atá ina cheannaire uachtarach.

Tá sáruithe tromchúiseacha déanta ag ADF ar an dlí idirnáisiúnta agus ar Rún 2078 (2012) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear mar a shonraítear thíos.

Tá saighdiúirí linbh earcaithe agus úsáidte ag ADF de shárú ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme (mír 4 (d) den Rún ó CSNA).

Luadh sa tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013 gur chuir an Grúpa Saineolaithe triúr iarthrodaithe ADF a d'éalaigh le linn 2013 faoi agallamh agus go ndearna siad cur síos ar an gcaoi a meallann earcaitheoirí ADF in Uganda daoine go dtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó le gealltanas bréagach fostaíochta (i gcás na ndaoine fásta) agus gealltanas bréagach saoroideachais (i gcás na leanaí) agus ar an gcaoi a gcuireann siad iallach orthu ina dhiaidh sin dul isteach in ADF. Ina theannta sin, dúirt iarthrodaithe ADF leis an nGrúpa Saineolaithe gur gnáth fir fhásta agus buachaillí i measc ghrúpaí oiliúna ADF agus dúirt beirt bhuachaillí, a d'éalaigh ó ADF in 2013, leis an nGrúpa Saineolaithe gur chuir ADF oiliúint mhíleata orthu. Tá cuntas sa tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe freisin ó "iarshaighdiúir linbh ar an oiliúint a chuir ADF air".

De réir na tuarascála deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2012, orthu siúd a d'earcaigh ADF tá leanaí, mar a léiríodh i gcás earcaitheoir ADF ar ghabh údaráis Ugandacha é in Kasese in éineacht le seisear buachaillí óga agus é ar a shlí go dtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó i mí Iúil 2012.

Déantar tagairt do shampla de leanaí a bheith á n-earcú agus á n-úsáid ag ADF i litir an 6 Eanáir 2009 ón Iar-Stiúrthóir ar Human Rights Watch don Afraic, Georgette Gagnon, chuig iar-Aire Dlí agus Cirt Uganda, Kiddu Makubuyu, inar luadh gur fhuadaigh ADF buachaill darbh ainm Bushobozi Irumba in 2000 agus gan é ach 9 mbliana d'aois. Bhí air seirbhís iompair chomh maith le seirbhísí eile a chur ar fáil do throdaithe ADF.

Ina theannta sin, sa "Tuarascáil ón Afraic", rinneadh tagairt do líomhaintí go bhfuil leanaí chomh hóg le 10 mbliana d'aois á n-earcú mar shaighdiúirí linbh agus rinneadh tagairt d'urlabhraí Uganda People's Defence Force (UPDF) a dúirt go ndearna UFDP 30 leanbh a thabhairt slán i gcampa traenála ar Oileán Buvuma ar Loch Victoria.

Tá roinnt sáruithe déanta ag ADF freisin ar chearta idirnáisiúnta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta i gcoinne ban agus leanaí, lena n-áirítear marú, gortú, ballbhascadh agus foréigean gnéasach (mír 4 (e) den Rún ó CSNA).

De réir na tuarascála deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013, rinne ADF ionsaí ar roinnt sráidbhailte, rud a d'fhág gur theith níos mó ná 66 000 duine go Uganda. Bánaíodh limistéar mór de dheasca na n-ionsuithe seo, limistéar atá á rialú ag ADF ó shin trí dhaoine a fhilleann ar a sráidbhailte a fhuadach nó a mharú. Idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2013, rinne ADF ar a laghad cúigear i gceantar Kamango a dhícheannadh, roinnt eile a lámhach, agus na scórtha a fhuadach. Cuireadh sceimhle ar an daonra áitiúil de dheasca na ngníomhaíochtaí seo agus díspreagadh daoine filleadh abhaile.

Sa nóta cothrománach domhanda, sásra faireacháin agus tuairiscithe maidir le sáruithe tromchúiseacha in aghaidh leanaí i staideanna coinbhleachta armtha, tuairiscíodh do Mheitheal na Comhairle Slándála um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha go raibh ADF freagrach as 14 duine de na 18 leanbh a tuairiscíodh a bheith gortaithe le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear eachtra an 11 Nollaig 2013, i gcríoch Beni, North Kivu, nuair a rinne ADF ionsaí ar shráidbhaile Musuku inar maraíodh 23 duine, 11 leanbh san áireamh (triúr cailíní agus ochtar buachaillí), a bhí idir 2 mhí d'aois agus 17 mbliana d'aois. Rinneadh na híospartaigh go léir a chiorrú go holc le maiseití, lena n-áirítear beirt leanaí a tháinig slán as an ionsaí.

Sa Tuarascáil ón Ard-Rúnaí ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht i mí an Mhárta 2014, aithnítear "Allied Democratic Forces — National Army for the Liberation of Uganda" ar a liosta de "páirtithe a bhfuil amhras iontaofa ann ina dtaobh go bhfuil éigniú déanta acu nó go bhfuil siad freagrach as éigniú a dhéanamh nó cineálacha eile foréigin ghnéasaigh i staideanna coinbhleachta armtha."

Ghlac ADF páirt freisin in ionsaithe ar choimeádaithe síochána MONUSCO (mír 4(i) den Rún ó CSNA).

Ar deireadh, thuairiscigh Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MONUSCO) go bhfuil ar a laghad dhá ionsaí déanta ag ADF ar choimeádaithe síochána MONUSCO. Ionsaí ar phatról MONUSCO ar an mbóthar idir Mbau agus Kamango ba ea an chéad cheann, an 14 Iúil 2013. Déantar cur síos ar an ionsaí seo sa tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe in 2013. Tharla an dara hionsaí an 3 Márta 2014. Rinneadh ionsaí ar fheithicil MONUSCO le gránáidí 10 gciliméadar ó aerfort Mavivi in Beni inar gortaíodh cúigear coimeádaithe síochána.

Gabhadh bunaitheoir agus ceannaire ADF, Jamil Mukulu, in Dar es Salaam sa Tansáin in Aibreán 2015. Rinneadh é a eiseachadadh ina dhiaidh sin go Kampala, Uganda in Iúil 2015. Ó mhí an Mheithimh 2016 i leith, tá sé á choimeád i gcill choinneála póilíní ag feitheamh lena thriail.

7. **MACHANGA LTD**

Seoladh: Plot 55A, Upper Kololo Terrace, Kampala, Uganda.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 29 Márta 2007.

Faisnéis eile: Comhlacht easpórtála óir (Stiúrthóirí: Mr. Rajendra Kumar Vaya agus Mr. Hirendra M. Vaya). In 2010, rinne Bank of Nova Scotia Mocatta (an Ríocht Aontaithe) sócmhainní de chuid Machanga, a bhí faoi sheilbh Emirates Gold, a chalcadh. Tá baint ag úinéirí Machanga go fóill le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Is in 2004 a rinne Machanga Ltd tuairisceán bliantúil a chomhdú go deireanach agus is mar "stádas neamhghníomhach" a liostaíodh é de réir údaráis Phoblacht Uganda. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Cheannaigh Machanga ór a bhuí le socrú rialta tráchtála a bhí acu le trádálaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a bhfuil dlúthbhaint acu le mílístí. Is ionann sin agus "cúnamh a sholáthar" do ghrúpaí armtha neamhdhleathacha atá de shárú ar an trádbhac arm a bunaíodh le rúin 1493 (2003) agus 1596 (2005). Comhlacht easpórtála óir (Stiúrthóirí: Mr. Rajendra Kumar Vaya agus Mr. Hirendra M. Vaya). In 2010, rinne Bank of Nova Scotia Mocatta (an Ríocht Aontaithe) sócmhainní de chuid Machanga, a bhí faoi sheilbh Emirates Gold, a chalcadh. Tá baint go fóill ag iar-úinéir Machanga, Rajendra Kumar, agus a dheartháir Vipul Kumar, le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

9. **UGANDA COMMERCIAL IMPEX (UCI) LTD**

Seoladh: a) Plot 22, Kanjokya Street, Kamwokya, Kampala, Uganda (Teil.: +256 41533578/9), b) PO BOX 22 709, Kampala, Uganda.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 29 Márta 2007.

Faisnéis eile: Comhlacht easpórtála óir. (Stiúrthóirí Jamnadas V. LODHIA — ar a dtugtar "Chuni"- agus a bheirt mhac Kunal J. LODHIA agus Jitendra J. LODHIA). In Eanáir 2011, thug údaráis Uganda fógra don Choiste gur aisíoc Emirates Gold fiachas UCI le Crane Bank in Kampala tar éis díolúine a fháil ar a shealúchais airgeadais, rud a d'fhág gur dúnadh a chuntais go críochnaitheach. Tá baint ag stiúrthóirí UCI go fóill le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Is in 2013 a rinne Uganda Commercial Impex (UCI) Ltd tuairisceán cánach a chomhdú go deireanach nuair a liostaigh na húdaráis i bPoblacht Uganda mar "Neamhghníomhach – stádas neamhghníomhach" é. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Cheannaigh UCI ór a bhuí le socrú rialta tráchtála a bhí acu le trádálaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a bhfuil dlúthbhaint acu le mílístí. Is ionann sin agus "cúnamh a sholáthar" do ghrúpaí armtha neamhdhleathacha atá de shárú ar an trádbhac arm a bunaíodh le rúin 1493 (2003) agus 1596 (2005). Comhlacht easpórtála óir. (Iar-Stiúrthóirí J.V. LODHIA — ar a dtugtar "Chuni"- agus a mhac Kunal LODHIA). In Eanáir 2011, thug údaráis Uganda fógra don Choiste gur aisíoc Emirates Gold fiachas UCI le Crane Bank in Kampala tar éis díolúine a fháil ar a shealúchais airgeadais, rud a d'fhág gur dúnadh a chuntais go críochnaitheach. Iar-úinéir UCI, J.V. Tá baint go fóill ag Lodhia agus a mhac Kumal Lodhia le hór a cheannach as oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA